



Ceisteanna Coitianta Comhlíonta a Aithníodh le linn Chigireachtaí um Rialú Tógála ar Áitribh

Tabhair faoi deara le do thoil

Ní liosta uileghabhálach é seo agus ní chlúdaíonn sé ceisteanna neamh-chomhlíonta féideartha.

Fanann an fhreagracht chun comhlíonadh iomlán a chinntiú le Rialacháin Tógála le hÚinéir, Tógálaí agus Dearthóir na n-oibreacha.

Tugtar comhairle láidir duit do dhearadh a athbhreithniú lena chinntiú go bhfuil sé ag cloí go hiomlán le gach Cuid de na Rialacháin Tógála.

Cuid A - Struchtúr

- Líon na mballacheangal in aghaidh an m² i gcuasáin >100mm.....(TGD A 2012 - Alt 1.1.3.27 & SR 325)
- Na Ballacheangail a spásáil thart timpeall na n-oscailtí.....(TGD A 2012 - Léaráid 9 & SR 325)
- Eangaí agus poill i ngiarsaí adhmaid.....(TGD A 2012 - Alt 1.1.2.5)
- Ballaí agus urláir a Dhaingniú.....(TGD A 2012 - Alt 1.1.3.24)
- Ballaí agus díonta a Dhaingniú.....(TGD A 2012 - Alt 1.1.3.25)

Cuid B - Sábháilteacht Dóiteáin

- Na Slite Amach Deireanacha. Na glais infheidhmithe gan eochair a úsáid(TGD B 2017 – Alt 1.3.9.7)
- Táirgí cosanta dóiteáin ar ghaothairí ar áiléir dhó-obacha.....(TGD B 2017 – Tábla 3.4)
- Aláraim deataigh a shuiteáil i ngach seomra ináitrithe.....(TGD B 2017 - Alt 1.3.6)
- Brathadóirí deataigh optúla a úsáid ar an mbunurlár.....(TGD B 2017 - Alt 1.3.6.3)
- Aláraim dóiteáin a lonnú i gceart (300mm ar a laghad ó ghnéithe eile)(TGD B 2017 - Alt 1.3.6.3)
- Airde na bhfuinneog éalaithe.....(TGD B 2017 - Alt 1.3.7.1)
- An dóiteán ag stopadh ar bharr na gcomhbhallaí(TGD B 2017 - Léaráid 10)
- Bacainní cuasán ar bharr na gcuasbhallaí lena n-áirítear na ballaí binne(TGD B 2017 – Alt 3.6.2)

Bacainní cuasán i bhfráma adhmaid - fillte ag na hailt chun stangadh a sheachaint(IS 440)
Feistiú scríúna a spásáil i gcomhbhallaí le fráma adhmaid(Féach treoracha an déantúsóra)
Ballaí, urláir agus díonta a dhéanamh Dó-obacht(TGD B 2017 – Treoir Bhreise**)

**“Treoir Bhreise go TGB B (Sábháilteacht Dóiteáin) Imleabhar 2 Tithe Cónaithe 2017. Tá treoir maidir le Ballaí, Urláir Idirmheánacha agus Díonta Trusáilte faoi Thithe Cónaithe” ar fáil ar www.gov.ie

Cuid C - Ullmhú Suímh & Frithsheasmhacht in aghaidh Taise

Poill silte a chur ar fáil os cionn fuinneoga (go háirithe brící)(TGD C 1997 & SR 325 2013)
Poill silte a chur ar fáil i dtógáil fráma adhmaid(IS 440:2009 Alt 9.7.15)
Treáite seirbhíse a dhúnadh i mbacainn radón(TGD C 1997 + A 2020- Alt 2.13)
Oscailtí i mballaí aníos chun eastóscadh radón a éascú.....(TGD C 1997 + A 2020- Alt 2.15)
Líonach faoin urlár - ábhar gás thréscailteach(TGD C 1997 + A 2020)– Alt 3.1.4)
Réamhscreamh (gaineamh) T3 a úsáid chun bacainn radón a chosaint(TGD C 1997 + A 2020– Alt 3.1.4)
Bacainn radón/DPM gan a uaschéimniú ar chuasbhalla seachtrach .(TGD C 1997 + A 2020 – Alt 3.2.6 & Léaráid 5)

Cuid E - Fuaim

Píobáin scaoilte & oscailtí eile a lonnú in aice comhbhallaí.....(TGD E 2014 - Léaráid 6,10,15)
Cúrsáil dúbailte a sheachaint de bhlocobair i gcomhbhallaí.....(TGD E 2014 - Léaráid 14)
Mantáil blocobair a sheachaint ag acomhal comhbhalla/balla cliathánach(TGD E 2014 - Léaráid 5)
Cuastopanna fuaimfhriotaíoch ar chuasbhallaí.....(TGD E 2014 - Léaráidí 5 & 18)
Leithlisiú fuaimne agus díchúpláil ar chuasbhallaí.....(TGD E 2014 - Léaráid 8)

Cuid F - Aeráil

Aeráil sa chúlra i seomraí fónais.....(TGD F 2019 – Tábla 3)
Aeráil sa chúlra i seomraí fónais, tréscailteacht aeir.....(TGD F 2019 – Tábla 3)
Aeráil ar dhíonta claonta ar leibhéal maide balla.....(TGD F 2019 – Léaráid 11)
Aeráil ar dhíonta claonta.....(TGD F 2019 – Léaráid 11)
Córais aeráilte le Dearadh, Suiteáil
Le Coimisiúnú & le Deimhniú ag Daoine Inniúla(TGD F 2019 – 1.2.1.10)

Cuid G - Sláinteachas

Umair stórála uisce fuar ardaithe a insliú laistigh den dón.....(TGD G 2008 - Alt 1.9.2)

Clár taisfhríotaíoch chun tacú le sistéal uisce fuar(TGD G 2008 – Léaráid 3)

Píobáin uisce fuar faoi thalamh a insliú.....(TGD G 2008 - Léaráid 1)

Cuid H - Draenáil & Screamhuisce

Píobáin ar bhallaí aníos ón áit lonnaithe a chosaint (nach bhfuil tógtha go dlúth) (TGD H 2016 - Léaráid 12)

Cuid J - Fearais Foinse Theasa

Aláraim Aonocsaíd Charbóin a chur ar fáil(TGD J 2014 - Alt 1.5)

Simléir Chórais - riachtanais le haghaidh aláraim Aonocsaíd Charbóin..... (TGD J 2014 - Alt 1.5.2.1)

Fógraí ar phlátaí a chur ar fáil do thinteáin agus do mhúcháin.....(TGD J2014 - Alt 1.8)

Íosmhéideanna teallaigh do shoirn(TGD J 2014 - Léaráid 12 & 18)

Aeráil buan ar shoirn san áit a bhfuil córais MVHR suiteáilte(TGD J 2014 – Alt 1.3.2)

Cuid K - Staighrí, Dréimírí, Rampaí agus Fálta

Airde na bhfuinneog os cionn leibhéal urlár inmheánach críochnaithe.....(TGD K 2014 – Alt 2.4)

Fálta ar airdí os cionn leaca fuinneog(TGD K 2014 – Alt 2.4)

(NB Ní mór Fuinneoga mar Mhodh Éalaithe nó Tarrthála a bheith ag cloí leis na riachtanais atá leagtha amach in Alt 1.3.7 de TGD B 2017)

Cuid L - Breosla agus fuinneamh a chaomhnú

Cláir inslithe ar chuasbhallaí a fheistiú i gceart gan bearnaí

Insliú, droicheadú teirmeach agus aeráil ar acomhal balla & síléail

Rochtain ar shistéil, seirbhísí agus feistithe sa spás faoin dón.....(TGD L 2019 Aguisín B.5)

Tástáil aerbhrú riachtanach ar **gach** áitreabh ar an suíomh.....(TGD L 2019 – Alt 1.5.4.2)

(Nóta - Comhla stoptha: 5m³/hr/m²)

Sonraí faoi dhroicheadú teirmeach & Dearbhú Cáilíochta(Sonraí Tógála Faofa)

Sonraí faoi Dhroicheadú Teirmeach - Fuinneoga Dormánta

- Colúin Chruacha a thacaíonn na báfhuinneoga
- Cruach thógála os cionn na n-oscailtí

Cuid M - Rochtain agus Úsáid

- Cosaint corra ar fhánaí & tuirlingtí ag an bpríomhbhealach isteach(TGD M 2010 – Ait 3.1.2.1)
- Leithead na ndoirse WC i gcoibhneas leithead na bpasáistí in aice láimhe(TGD M 2010 – Tábla 4 & Léaráid 33)
- Leithead na bpasáistí - ní mór dóibh casadh isteach sa WC a bhfuil fáil air(TGD M 2010 – Tábla 4 & Léaráid 33)
- Spás gan bac soiléir a chur ar fáil laistigh den WC a bhfuil fáil air(TGD M 2010 - Léaráid 34/35)
- WC - níor cheart luascadh den doras WC bac a chur ar an WC a bhfuil fáil air(TGD M 2010 – Léaráidí 33 - 35)
- Leagan amach an WC - ligeann do chathaoir rotha bogadh thart i spás soiléir in aice an leithris..(TGD M 2010 - Léaráid 34/35)